Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Samhain 2022
(OR. en)

14473/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0369(APP)**

FIN 1191
CADREFIN 196
RESPR 40
POLGEN 147

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 14442/22 (COM(2022) 595 final) |
| Ábhar: | Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta ó 2021 go dtí 2027<br>– *Iarraidh ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa* |

1. An 9 Samhain 2022, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta ó 2021 go dtí 2027[1]. Tá an Rialachán ón gComhairle atá beartaithe mar chuid den phacáiste tograí maidir leis an tacaíocht don Úcráin a mhaoiniú, mar aon leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ionstraim chun tacaíocht a thabhairt don Úcráin (cúnamh macra airgeadais +)[2] agus an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a mhéid a bhaineann le straitéis chistiúcháin éagsúlaithe a bhunú mar mhodh ginearálta iasachta[3].

2. An 11 Samhain 2022, sheol an Coimisiún litir chuig Cathaoirleach an choiste lena mbaineann i bParlaimint na hEorpa chun caitheamh leis an gcomhad sin a spreagadh mar ábhar práinne.

[1] 14442/22.
[2] 14562/22.
[3] 14443/22.

3. Áirítear sa togra foráil lena gcuirtear síneadh le slógadh ráthaíochta le haghaidh cúnamh airgeadais os cionn uasteorainneacha CAI chuig an Úcráin le haghaidh cúnamh airgeadais atá ar fáil do na blianta 2023 agus 2024.

4. I gcomhréir le hAirteagal 312(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, glacfaidh an Chomhairle an Rialachán ag gníomhú di d'aon toil, tar éis di toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

5. An 14 Samhain 2022, phléigh an Coiste um an mBuiséad an togra le haghaidh leasú teicniúil ar an Rialachán maidir le creat airgeadais ilbhliantúil ó 2021 go dtí 2027, agus chuir sé bailchríoch ar an obair theicniúil ar théacs an dréachtrialacháin ón gComhairle, mar a leagtar amach in 14471/22 é tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga. Measann an Uachtaránacht go bhfuil an téacs mar atá in 14471/22 réidh le cur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa d'fhonn a toiliú a fháil.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an dréachtrialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 14471/22 é, a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa lena toiliú a fháil, i gcomhréir le hAirteagal 312(2) CFAE.